



# Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Co. na Gaillimhe, H91 TY22

+353 (0) 91 503100 +353 (0) 91 503101

eolas@udaras.ie [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie)

**An Feidhmeannach Pleanála Sinsearach  
Aonad Polasaí Pleanála  
Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Áras an Chontae  
Gaillimh  
Co. na Gaillimhe**

**09 Meán Fómhair 2020**

A chara,

Is mian liom tagairt a dhéanamh do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028. Fáiltíonn Údarás na Gaeltachta roimh an deis a bheith páirteach i bpróiseas maidir le moltaí a dhéanamh a thacaíonn leis an bplean seo. Chuige sin, cuirim chugat ár gcuid tuairimí agus moltaí ó thaobh an phlean thuasluaite.

## **1.0 Réamhrá**

Tá sé léirithe ag Údarás na Gaeltachta ([www.udaras.ie](http://www.udaras.ie)) le 40 bliain anuas go bhfuil ról rathúil ag an eagrais i dtaca le forbairt teanga, eacnamaíochta agus shóisialta na Gaeltachta agus tá obair na heagraíochta frémhaithe i saol eacnamaíochta, cultúrtha agus sóisialta na gceantar sin. Tá cúraimí agus freagrachtaí straitéiseacha uathúla forbartha ag an eagraíocht as an nGaeltacht a fhorbairt tré chur chuige comhtháite. Lena chinntiú go mbeidh Gaeltacht rathúil inbhuanaithe ann níor chóir go mbreathnófaí ar an teanga, ar an eacnamaíocht, ar an bpobal agus ar an timpeallacht mar nithe atá scartha óna chéile.

Is sa chomhthéacs sin atá na moltaí seo curtha faoi bhuir mbráid le bheith tógtha san áireamh sa Phlean Forbartha nua agus i bhfianaise ról lárnach na Comhairle Contae i gcur chun cinn na Gaeltachta agus beartais phleanála, infheistíochta agus riaracháin á mbainistiú ag an gComhairle le linn na tréimhse pleanála seo. Is trí fheidhmiú cháiréiseach an phlean forbartha seo a thiocfar ar chuid de na beartais agus ar an idirghabháil is tábhachtaí i ngeall ar fhorbairt inmharthanach na gceantar agus na bpobal Gaeltachta i gcontae na Gaillimhe.



### **OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA**

Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,  
Doirí Beaga,  
Co. Dhún na nGall  
F92 E09T

Páirc Ghnó an Daingin,  
Baile an Mhuilinn,  
Daingean Uí Chúis,  
Co. Chiarraí  
V92 TX48

Áislann Bhéal an Mhuirthead,  
Bóthar an tSéipéil,  
Béal an Mhuirthead,  
Co. Mhaigh Eo  
F26 W5H0

Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre,  
Baile Mhic Íre,  
Co. Chorcaí  
P12 E277

## 2.0 Údarás na Gaeltachta agus Forbairt na Gaeltachta

### Údarás na Gaeltachta:

Feidhmíonn Údarás na Gaeltachta mar údarás reachtúil réigiúnach forbartha a bhfuil freagracht air i ndáil le forbairt socheacnamaíochta agus sochtheangeolaíochta na Gaeltachta. Tá a chuid freagrachtaí reachtúla leagtha amach in Acht na Gaeltachta, 2012

(<https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2012/34/eng/enacted/a34112full.pdf>).

Comhlíonann an eagraíocht raon leathan feidhmeanna maidir le cúrsaí forbartha agus tá a chlár forbartha agus infheistíochta ina chuid dílis d'inhuanaitheacht eacnamaíochta, teangeolaíochta, cultúir agus sóisialta na Gaeltachta.

Soláthraíonn na bearta infheistíochta agus forbartha sin tacaíochtaí tábhachtacha i réimsí éagsúla ar a n-áirítear -

- soláthar maoinithe agus tacaíocht airgeadais do ghnóthaí agus do chomhlachtaí trádála;
- straitéis forbartha fiontraíochta agus cothú agus buanú fostaíochta;
- forbairt ar fhiontair pobail agus eagrais forbartha pobail;
- tógáil agus bainistiú ar infreastruchtúr forbartha gnó idir eastáit tionsclaíochta, páirceanna gnó agus gteiceanna; agus
- infheistíocht i bhforbairt na hoiliúna agus forbartha scileanna.
- Chomh maith leis seo, déantar infheistíocht straitéiseach i bpróiseas forbartha pobail agus pleanála teanga faoi mar atá leagtha amach in Acht na Gaeltachta (2012) agus i riaradh scéimeanna, tionscnamh agus beartas eile i dtaca le forbairt na hearnála pobail.

### Ráiteas Misin agus Fís Údarás na Gaeltachta

Is é ráiteas misin an Údaráis ná: *“Pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú le go mbeidh an Ghaeltacht mar réigiún den scoth ar chaighdeán domhanda.”* ([www.udaras.ie](http://www.udaras.ie)).

Is í fís Údarás na Gaeltachta ná: *“Pobal inhuanaithe Gaeltachta a chothú ina mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga, le heacnamaíocht láidir ag baint úsáid inhuanaithe as na hacmhainní go léir a bheidh ar fáil agus le caighdeán maireachtála den chéad scoth.”* Déanann an tÚdarás gach iarracht na cuspóirí seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh cruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí straitéiseacha teangabhunaithe, pobail agus cultúrtha.

### Clár Oibre an Údaráis – An Comhthéacs Réigiúnach

#### RSEs - Na Straitéisí Forbartha Spásúla agus Eacnamaíochta Réigiúnacha:

Bhí ionchur ag an Údarás i gcomhar le heagrais eile Stáit maidir le frámú a dhéanamh ar na struchtúir agus ar an ábhar a bhain leis na pleananna spáisiúla réigiúnacha a chur le chéile. Mar chuid dílis de dhualgas an Údaráis mar eagrais forbartha ghlacamar

ról gníomhach maidir le moltaí a chuir faoi bhráid na pleananna seo ar bhonn réigiúnach.

Tá cóip den Aighneacht a cuireadh faoi bhráid Chomhthionóil an Iarthair agus an Tuaiscirt curtha ar fáil mar Aguisín 1 den Aighneacht seo agus mar léiriú tacaíochta ar na huaimhian fhorbartha atá leagtha amach san Aighneacht.

### **3.0 Ról na bPáirtithe Leasmhara i bhForbairt Comhlánach na Gaeltachta**

Ní hí an Ghaeltacht aisti féin amháin a chinnteoidh gach a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta agus ní chinnteoidh Údarás na Gaeltachta as féin é ach an oiread. Cé go leanfaidh an tÚdarás leis an dualgas atá leagtha air a chomhlíonadh, níl sé ar ár gcumas tionscnaimh áirithe a chur i bhfeidhm mura mbíonn siad de chúram reachtúil orainn. **Tá ról lárnach ag na húdaráis éagsúla eile, Comhairle Chontae na Gaillimhe ina measc, i bhforbairt agus i gcaomhnú na teanga agus i bhforbairt na bpobal Gaeltachta.** Cé go bhfuil feidhmeanna agus tionscnaimh ar son na Gaeltachta agus na Gaeilge á dtreorú ag Údarás na Gaeltachta, tá sé tábhachtach go dtuigfí go bhfuil an tÚdarás mar eagraíocht atá ag feidhmiú i gceoilár na forbartha fiontraíochta agus forbartha pobail sna ceantair Ghaeltachta agus dá réir gur feithicil muid do chomhoibriú cuimsitheach agus comhtháite a thionscnamh i measc na n-eagras poiblí sin atá ag freastal ar na ceantair sin. Tá gach eagraíocht in ann páirt a ghlacadh san iarracht meath na teanga sa Ghaeltacht a chasadh timpeall, Comhairle Chontae na Gaillimhe san áireamh.

Tá breis eolais faoi obair an Údaráis le fáil ag [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie)

### **4.0 Gaeltacht Chontae na Gaillimhe**

Is í Gaeltacht na Gaillimhe an ceantar Gaeltachta is mó sa tír. Tá daonra de 50,570 (Daonáireamh 2016) inti, sin 19.6% de dhaonra Chontae na Gaillimhe agus 50.8% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Tá achar tíreolaíochta de 1,225km<sup>2</sup> i nGaeltacht na Gaillimhe agus sin thart ar 20% de thalamh iomlán Chontae na Gaillimhe. In 2019, bhí 7,844 fostaithe go lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis agus bhí 3,090 de na poist seo lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe.

### **5.0 An Phleanáil Teanga – Cúlra agus Comhthéacs Reachtúil:**

An Straitéis 20 Bhliain don Ghaeilge, 2010-2030

Tá sé mar aidhm ag an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais in Éirinn a mhéadú go 250,000 duine, líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge sa Ghaeltacht a ardú 25% agus líon na ndaoine a bhfuil eolas acu ar an nGaeilge a mhéadú go 2 mhilliún duine thar shaolré na Straitéise.

Ar ndóigh is aidhm thar a bheith uaillmhianach agus dhúshlánach í seo, ní hamháin d'Údarás na Gaeltachta agus do phobal na Gaeltachta ach don Stát agus don Státchóras trí chéile.

## 5.1 Acht na Gaeltachta, 2012

Achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012 chun bonn reachtúil a chur faoin *Straitéis 20 Bliain*, i measc forálacha eile. Cuireann an tAcht tús leis an bpróiseas pleanála teanga, gné lárnach den *Straitéis*, agus is tríd an bpróiseas pleanála teanga a chuirfear tacaíocht ar fáil, ar bhealach córasach agus comhtháite, don Ghaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa Ghaeltacht agus lasmuigh di.

Faoin Acht, aithnítear Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonraí Gaeilge ach plean teanga a bheith ullmhaithe ag pobal na háite agus aontaithe de réir na gcritéar pleanála teanga. Tá an Ghaeltacht anois roinnte i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT), agus tá 16 Bhaile Seirbhíse Gaeltachta (3 cinn sa Ghaeltacht agus 13 cinn lasmuigh de) agus 3 Líonra Gaeilge aitheanta ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chomh maith.

Is éard atá i gceist le **Baile Seirbhíse Gaeltachta** ná baile atá suite sa Ghaeltacht nó gar di agus a bhfuil ról tábhachtach aige i seachadadh seirbhísí poiblí, fóillíochta, sóisialta agus trádála do mhuintir na Gaeltachta.

Is éard atá i gceist le **Líonra Gaeilge** ná ceantar ina bhfuil bunmheas criticiúil tacaíochta don Ghaeilge ó bpobal agus ón Stát cheana.

Táthar ag súil go n-oibreoidh an pobal, an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach agus an earnáil dheonach ar fad le chéile chun tacú leis an nGaeilge sna ceantair sin atá aitheanta faoin Acht.

Tacófar leis an teanga mar theanga theaghlaigh agus phobail sa Ghaeltacht agus i gceantair eile taobh amuigh di trí phleananna teanga a chur i bhfeidhm ag leibhéal an phobail.

Is é Údarás na Gaeltachta atá freagrach, faoin Acht, as tacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí ó thaobh pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna LPT agus sna trí Bhaile Seirbhíse Gaeltachta atá taobh istigh de theorainn na Gaeltachta.

Cuireann Foras na Gaeilge tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí a roghnaítear le pleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus sna Líonraí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as pleananna teanga a fhaomhadh de réir na gcritéar pleanála teanga a leagtar amach san Acht.

## 5.2 Céard atá i gceist le Pleanáil Teanga?

Is iomaí sainmhíniú atá tugtha ar an bpleanáil teanga, ach go bunúsach is féidir cur síos ar an bpleanáil teanga mar idirghabhálacha/ghníomhaíochtaí/chleachtais a bhfuil sé mar aidhm acu tionchar a imirt ar an teanga a labhraítear i bpobal faoi leith chun athrú pleanáilte ar úsáid teanga a bhaint amach sa phobal sin.

Is é an aidhm atá leis an bpleanáil teanga sa chomhthéacs seo ná cur le líon na gcainteoirí Gaeilge agus an Ghaeilge a chaomhnú mar theanga theaghlaigh agus phobail.

Tá réimse leathan gníomhaíochtaí i gceist le cur i bhfeidhm na pleanála teanga, lena n-áirítear:

- Gníomhaíochtaí a eascraíonn go díreach as polasaithe Stáit;
- Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bpobal agus le heagraíochtaí atá ag gníomhú ar son an phobail; agus
- Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsochaí trí chéile sna hearnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha.

Braitheann rath an phróisis pleanála teanga go mór mór ar na cinntí a dhéanann an duine aonair faoina c(h)leachtas teanga féin agus an tionchar a bhíonn aige sin ar chúrsaí teanga sa teaghlach, sa phobal agus i gcúrsaí oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí. Baineann an phleanáil teanga chomh maith leis an gcaoi a dtacaíonn an earnáil phoiblí, príobháideach agus dheonach leis an duine aonair chun na cinntí laethúla sin a dhéanamh.

### 5.3 Staid Reatha an Phróisis Pleanála Teanga sa Ghaeltacht

Tá tús curtha leis an bpróiseas pleanála teanga i ngach ceann de na 26 LPT agus in dhá cheann de na trí Bhaile Seirbhíse Gaeltachta. Táthar ag súil go mbeidh tús á chur leis an bpróiseas sa tríú Baile Seirbhíse Gaeltachta faoi dheireadh 2020.


Faoi láthair, tá 18 bplean teanga do LPT ceadaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus tá tús curtha le feidhmiú na bpleananna sna LPT sin. Chomh maith leis sin, tá plean teanga do LPT amháin agus plean teanga do BSG amháin faoi bhráid na Roinne ag fanacht le faomhadh.

Faoi dheireadh 2020 táthar ag súil go mbeidh:

- Tús curtha leis an bpróiseas i ngach LPT agus Baile Seirbhíse Gaeltachta;
- Na 7 bplean teanga LPT atá fós á n-ullmhú curtha faoi bhráid na Roinne; agus
- Plean teanga ceadaithe do dhá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

### 5.4 An Próiseas Pleanála Teanga i gContae na Gaillimhe

Tá Gaeltacht na Gaillimhe roinnte ina 10 LPT: LPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh, LPT Chonamara Láir, LPT na Ceathrún Rua, LPT Cheantar na nOileán, LPT Oileáin Árann, LPT Chois Fharraige, LPT Mhaigh Cuilinn, LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach, LPT Oirthear Chathair na Gaillimhe agus LPT an Eachréidh. Tá Cathair na Gaillimhe agus an Clochán aitheanta mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta agus Baile Locha Riach mar Líonra Gaeilge chomh maith:



LPTanna Chontae na Gaillimhe (léarscáil ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<sup>1</sup>)



Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus Líonra Gaeilge Chontae na Gaillimhe (léarscáil ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta<sup>2</sup>)

Tá pleananna teanga ceadaithe agus á bhfeidhmiú do 6 cinn de na LPTanna. Tugtar sa tábla thíos ainmneacha na LPTanna sin, ainmneacha na gceanneagraíochtaí atá ag feidhmiú na bpleananna, agus nasc chuig an bplean teanga.

LPT	Ceanneagraíocht	Plean Teanga
Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh	Comharchumann Dhúiche Sheoigheach	<a href="http://www.discoverjoycecountry.com/wp-content/uploads/2018/12/Plean-Teanga-CDS-2018-PDF.pdf">http://www.discoverjoycecountry.com/wp-content/uploads/2018/12/Plean-Teanga-CDS-2018-PDF.pdf</a>

<sup>1</sup> <https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

<sup>2</sup> <https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=7090794ee2ca4b53bb785b84c2bd9ad8>

Conamara Láir	Forbairt Chonamara Láir	<a href="https://conamaralair.ie/wp-content/uploads/Plean-Teanga-LPT-Chonamara-L%C3%A1ir-2018.pdf">https://conamaralair.ie/wp-content/uploads/Plean-Teanga-LPT-Chonamara-L%C3%A1ir-2018.pdf</a>
An Cheathrú Rua	Comharchumann Mhic Dara	<a href="https://9a7b4ea2-231e-4356-9536-8086ec92d56e.filesusr.com/ugd/e8e08d82afb96f760b46b5bd342c233a57278b.pdf">https://9a7b4ea2-231e-4356-9536-8086ec92d56e.filesusr.com/ugd/e8e08d82afb96f760b46b5bd342c233a57278b.pdf</a>
Ceantar na nOileán	Comhairle Ceantar na nOileán	<a href="https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/14-Ceantar-na-nOile%C3%A1n-1.pdf">https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/14-Ceantar-na-nOile%C3%A1n-1.pdf</a>
Cois Fharráige	Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga	<a href="https://www.coisfharráige.ie/cumann-forbartha/wp-content/uploads/2014/07/Plean-Teanga-Chois-Fharráige-Criochnu%CC%81il.pdf">https://www.coisfharráige.ie/cumann-forbartha/wp-content/uploads/2014/07/Plean-Teanga-Chois-Fharráige-Criochnu%CC%81il.pdf</a>
Maigh Cuilinn	Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn	<a href="https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/17-Maigh-Cuilinn.pdf">https://www.udaras.ie/assets/uploads/2020/05/17-Maigh-Cuilinn.pdf</a>

Tá Plean Teanga LPT an Eachréidh ullmhaithe agus faoi bhráid na Roinne faoi láthair, agus pleananna teanga á n-ullmhú fós do LPT Oileáin Árann, do LPT Bhearna agus Chnoc na Cathrach agus do LPT Oirthear Chathair na Gaillimhe.

#### 5.5 Príomhriachtanais na Limistéar Pleanála Teanga i nGaillimh

Díríonn bearta pleananna Ghaeltacht na Gaillimhe ar gach uile réimse de shaol na bpobal sin, lena n-áirítear:

- An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- Seirbhísí Cúraim Leanaí, Réamhscolaíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- Seirbhísí don Aos Óg agus d'Aoisghrúpaí Eile
- Deiseanna Foghlama taobh amuigh den Chóras Oideachais
- An Earnáil Ghnó
- Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn
- Na Meáin Chumarsáide
- Seirbhísí Poiblí
- Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil
- Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire; agus
- Staid na Gaeilge sa Limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

Aithnítear sna pleananna teanga go bhfuil ról lárnach ag gníomhaíochtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcaomhnú agus i gcur chun cinn na Gaeilge sa gcontae ina iomláine ach sa nGaeltacht ach go háirithe. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin polasaithe a chur i bhfeidhm i dtaca le forbairt fhisiceach i nGaeltacht na Gaillimhe,

coinníoll láidir teanga a chinntiú in aon phleanáil nó forbairt tithíochta, bíodh sé do thithe aonair nó d'fhorbairtí níos mó – féach, mar shampla:

- *Plean Teanga Chois Fharráige, rannóg 11.9*
- *Plean Teanga na Ceathrún Rua, rannóg 9.1*
- *Plean Teanga Cheantar na nOileán, rannóg 6.10*
- *Plean Teanga Chonamara Láir, rannóg 9.13*
- *Plean Teanga Mhaigh Cuilinn, rannóg 6.11*
- *Plean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh, caibidil 9*
- *Plean Teanga an Eachréidh, rannóg 3.11 agus 6.11.*

I bhfianaise an méid sin thuas, táthar ag súil le comhoibriú le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus na pleananna teanga LPT á bhfeidhmiú, go háirithe faoi mar a bhaineann sé le cúrsaí comharthaíochta, soláthar seirbhísí poiblí, riaradh na córais pleanála agus forbairt fhisiceach, forbairt gheilleagrach agus forbairt pobail.

#### 5.6 Dualgais na gComhairlí Contae i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta

Tá roinnt cuspóirí éigeantacha sna treoirlínte do na pleananna forbartha contae. Baineann Cuspóir Éigeantach 12 le ceantair Ghaeltachta agus le rannóg 10(2)(m) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 ach go háirithe. Is gá, faoin Acht, go gcuimseofaí sna pleananna forbartha pobail cuspóirí a bhaineann le cosaint oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta, lena n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail.

De réir na dtreoirlínte, ba chóir breathnú ar pholasaithe a mbeidh tionchar dearfach acu ar an oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha sa Ghaeltacht agus ar straitéisí tithíochta chun freagairt do riachtanais áitritheoirí Gaeltachta agus plean forbartha contae á dhréachtadh.

#### 5.7 Moltaí Ghinearálta

- Leagann Acht na Gaeltachta 2012 bonn reachtúil faoin próiseas pleanála teanga agus béim ar leith ar thábhacht na freagrachta tras-rialtais do rath an phróisis sin, moltar go dtabharfaí aitheantas faoi leith do thábhacht an phróisis pleanála teanga agus an plean forbartha nua á scríob, eadhon: ag tabhairt san áireamh Gaeltacht na Gaillimhe mar limistéar forbartha; ról lárnach na LPT-anna; stádas agus ról na mBailte Seirbhíse Gaeltachta; agus an Líonra Gaeilge atá á fheidhmiú sa gcontae. Moltar gur cheart aitheantas ar leith a thabhairt don dtacaíocht a thugann an próiseas pleanála seo do bhaint amach agus d'fheidhmiú chuspóirí an phlean forbartha contae féin le linn na tréimhse pleanála.
- Maidir le cúrsaí tithíochta, agus i gcomhar leis na Ranna Stáit cuí, moltar go ndéanfar athbhreithniú ar an córas caighdeánach i ngeall ar an gcoinníoll teanga atá le bheith luaite le forbairtí tithíochta, scrúdú ar chumas teanga san áireamh.
- Tá sé den bhun-riachtanas go dtabharfaí aird ar mhianta phobal na Gaillimhe, pobal na Gaeltachta san áireamh, agus an plean forbartha contae nua á dhréachtadh. Moltar go mbreathnófaí go mion ar na pleananna teanga atá ceadaithe agus á réiteach i nGaeltacht na Gaillimhe agus go dtabharfaí san áireamh sa bplean forbartha na moltaí a dhéantar iontu maidir le ról, feidhm



agus cúraimí na Comhairle Contae atá chomh lárnach sin i bhfeidhmiú éifeachtach na bpleananna sin. Is iad na pobail Ghaeltachta féin a chur le chéile na pleananna seo agus is ó na pobail logánta féin a d'eascair na moltaí agus an cur chuige forbartha atá léirithe iontu.

## 6.0 Moltaí Sonracha i dtaca leis an bPlean Forbartha Contae

Sa mhéid a leanann, tá coimriú déanta ar mholtaí Údarás na Gaeltachta agus súil againn go dtógfaidh an Chomhairle na moltaí seo san áireamh agus Plean Forbartha Contae na Gaillimhe á thabhairt chun críche.

### 6.1 An Ghaeilge agus An Ghaeltacht – Aitheantas Cuí:

	<b>Moltaí Údarás na Gaeltachta</b>
<b>Moladh 1:</b>	<p>Ba cheart tagairt ar leith a dhéanamh don <i>stádas reachtúil</i> a ghabhann leis na limistéir Ghaeltachta, na bailte seirbhíse Gaeltachta agus an t-aitheantas seo a lua mar acmhainn shaibhir i bhforbairt chomhlánach Chontae na Gaillimhe.</p> <p>Mar chuid de na beartais seo, moltar go n-aontófar ar Phlean Forbartha Áitiúil (LAP) don nGaeltacht mar chuid dílis do leagan amach an Phlean Forbartha nua.</p>
<b>Moladh 2:</b>	<p>Is ceart aitheantas cuí a thabhairt do cheantair Gaeltachta na Gaillimhe, agus don Ghaeilge mar theanga phobail sna ceantair sin, mar chuid d'aon <i>mhapáil</i> a dhéanfar ar an gContae agus a bheith mar chuid d'ullmhú an phlean forbartha agus de na limistéir straitéiseach pleanála a thagann faoi chúram reachtúil na Comhairle.</p>
<b>Moladh 3:</b>	<p>Ba chóir go mbeadh an t-aitheantas straitéiseach cuí tugtha sa bPlean Forbartha úr seo mar atá leagtha amach againn sna moltaí thuas maidir leis an bPróiseas Pleanáil Teanga agus feidhmiú córasach na moltaí agus an cur chuige forbartha atá léirithe sna pleananna sin (Cuid 5.6 thuas).</p>
<b>Moladh 4:</b>	<p>Ba cheart na <i>mianta tacaíochta teanga</i> cuí (sonraithe sa tábla thíos) leagtha síos i bPlean Forbartha na Gaillimhe 2015-2021 a áireamh arís sa bplean úr atá á fhorbairt anois. Féach an tábla thíos:</p>

### 6.1.1 Cuspóirí Forbartha na Comhairle i leith beartais pleanála i ngeall ar fhorbairt inmharthanach na Gaeltachta agus na Gaeilge

1.2.1	Cosaint a thabhairt d'oidhreacht teangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar an teanga phobail sna limistéir sin atá a thagann faoi scáth an Phlean Forbartha atá áirithe mar limistéir Ghaeltachta
Cuspóir UHO 13 agus Cuspóir RHO 4	I gcás forbairtí tithíochta ina bhfuil dhá aonad nó níos mó i gceist, go mbeidh measúnú déanta ar thionchar na forbartha seo atá spléach ar fheidhmiú na gcoinníollacha faoi mar a bhaineann le polasaí na Comhairle i ngeall ar iompar agus riachtanais teanga na n-áitritheoirí. Déanfar é seo ar mhaithe le cosaint a thabhairt d'oidhreacht teangeolaíoch agus cultúrtha na Gaeltachta mar aon le tús áite a thabhairt don Ghaeilge mar theanga phobail.
Cuspóir 10.4.2	Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil meath tagtha ar dhaoine phobail na Gaeltachta i gceantair áirithe. Ní thabharfar cead d'aon fhorbairtí a mbeadh tionchar diúltach acu, de réir breithiúnas an Údaráis Pleanála, ar an Ghaeilge agus ar an nGaeltacht. Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt sa Ghaeltacht ar bhonn tomhaiste agus i gcás na forbairtí sin atá áirithe mar fhorbairt atá feiliúnach do chúinsí forbartha na Gaeltachta.
Polasaí G 1	Polasaí G 1 – Buanú agus Caomhnú na Gaeltachta sa Phróiseas Pleanála:  Tá cosaint agus spreagadh sóisialta, cultúrtha agus teangeolaíoch na Gaeltachta aitheanta i bpolasaithe agus spriocanna forbartha atá leagtha amach ag an gComhairle i bPlean Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018. San áireamh anseo tá sé mar chuspóir ag an gComhairle poitéinseal forbartha eacnamaíochta na Gaeltachta a bhaint amach ar bhonn tomhaiste agus cothaithe thar thréimhse fheidhmithe an phlean.
Polasaí G 2	Policy G 2 – Forbairt Eacnamaíochta sa Ghaeltacht:  Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe, tríd an ról forbartha eacnamaíochta atá tugtha aige air féin, geallta do chomhoibriú le heagrais eile forbartha stáit, go háirithe Údarás na Gaeltachta, le forbairt inmharthanach i nGaeltacht na Gaillimhe a bhaint amach agus ag an am gcéanna, chun cosaint agus tús áite a thabhairt don Ghaeilge mar an chéad teanga phobail.
Polasaí G 3	Policy G 3 – An Teanga mar Shócmhainn:  Tábhacht na Gaeilge a aithint mar acmhainn eacnamaíochta, shóisialta agus cultúrtha sa Ghaeltacht agus ar fud an Chontae.
G 4	Policy G 4 – Acht na dTeangacha 2003:


	Tacú le feidhmiú na moltaí atá aitheanta faoi Acht na dTeangacha 2003 (nó aon leagan leasaithe nó leagan uasdátaithe a thagann in inmhe)
--	--

<b>Moladh 5:</b>	Moltar freisin go mbeadh ullmhú <i>Scéim Gaeilge</i> úr Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina thosaíocht oibre do Chomhairle Contae na Gaillimhe, agus tréimhse feidhme an scéim is déanaí ag teacht chun chríche i 2022.
<b>Moladh 6:</b>	Is ceart a dheimhniú sa Phlean go bhfuil foireann na heagraíochta in ann <i>seirbhísí a sholáthar</i> do mhuintir na Gaeltachta agus na Bailte Seirbhíse Gaeltachta trí mheán na Gaeilge, pé acu an bhfuil siad lonnaithe ins na hoifigí áitiúla nó ins an lár oifig.
<b>Moladh 7:</b>	Ba cheart go mbeadh an <i>leagan Gaeilge</i> agus an leagan Béarla den bPlean Forbartha Contae 2022-2028, agus de na doiciméid tacaíochta cuí, a bheith ar fáil go comhuaineach.

## 6.2 Daoine, Ordathas Lonnaíochta agus Tithíocht

### 6.2.1 Anailís demograifice ar phobal na Gaeltachta

Tá difríochtaí le sonrú le blianta fada idir dlús daonra na ceantair uirbeacha timpeall ar Chathair na Gaillimhe agus na ceantair Gaeltachta níos faide siar. Mar aon le sin tá sé soiléir ó shonraí ón Daonáireamh 2016 go bhfuil meán-aois mórán ceantair Gaeltachta i gContae na Gaillimhe ag dul in aois, rud atá léirithe go soiléir sa léarscáil thíos. Ní amháin sin, ach tá an ráta cainteoirí laethúla Gaeilge ag titim dá réir agus tá seo le feiceáil i dtorthaí an daonáireamh 2016 freisin.



Daonra Contae na Gaillimhe de réir meán-aoise (CSO Daonáireamh 2016)

Mar atá luaite cheana sa cháipéis seo, tá sé mar ráiteas misin ag Údarás na Gaeltachta:

*“Pobal agus gilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta a neartú agus a bhuanú le go mbeidh an Ghaeltacht mar réigiún den scoth ar chaighdeán domhanda.”*

Le cinntiú go mbeidh pobal ann sna blianta amach romhainn, tá sé criticiúil céimeanna a ghlacadh chun an éagothromacht ó thaobh próifil demograifeach sa Chontae a mhaolú. Tá sé soiléir gan pobal óg ní bheidh Gaeltacht ann sna blianta amach romhainn. Chuige sin, le cinntiú go bhfuil sé tarraingteach don phobal óg cur fúthu sna ceantair Gaeltachta, creideann muid go bhfuil orainn an timpeallacht cuí a chothú le go mbeadh postanna d’ardchaighdeán ar fáil do phobal óg an cheantair. Tá sé tábhachtach ní amháin go bhfuil fostaíocht ar fáil ach go bhfuil roghanna tithíochta ar fáil dóibh freisin ina bpobail féin agus go mbeadh raon leathan seirbhísí caitheamh aimsire ar fáil dóibh chomh maith le háiseanna oideachais agus eile. Tá baol ann muna nglactar na céimeanna cuí leis an bpobal óg seo a mhealladh le fanacht, filleadh nó athlonnú sna ceantair Gaeltachta nach mbeidh Gaeltacht bríomhar inmharthanach ann sna blianta amach romhainn.

<b>Moladh 8:</b>	Tacaíonn Údarás na Gaeltachta go láidir leis an cur chuige, polasaí forbartha a fhorbairt a bheadh dírithe ar chobhsú agus ar chothromú maidir le dáileadh daonra de sa chontae a thagann go beacht leis na paraiméadair atá luaite sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus i straitéis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla eile. Braitheann inmharthanacht na bpobail tuaithe, ina measc pobail Gaeltachta na Gaillimhe, go hiomlán ar pholasaithe leis an mbunaidhm seo luaite leo a bheith á chur i bhfeidhm go gníomhach agus ar bhonn leanúnach.
------------------	---

### 6.3 Tithíocht

Tá inmharthanacht na bpobal Gaeltachta agus a bhfuil in ann don nGaeilge mar theanga phobail ag braith ar deireadh ar dhaoine atá ábalta agus sásta an Ghaeilge a labhairt agus atá ag iarraidh a bheith ag cuir fúthu sna ceantair seo.

Mar atá ráite againn i mír 6.2, tá muid tagtha go pointe cinniúnach maidir le inmharthanacht na Gaeltachta agus na Gaeilge. Is tacaíocht mhór a bheadh ann dá mbeadh polasaí láidir tithíochta in áit le cinntiú go mbeadh an deis tugtha do phobal na Gaeltachta lonnú nó athlonnú nó aistriú ar ais le cur fúthu sa Gaeltacht. I measc na heilimintí riachtanach den pholasaí seo ná tacaíocht a thabhairt do lánúin óga a chuireadh le saol agus cultúr na Gaeltachta gur mian leo cur fúthu sna ceantair Gaeltachta.

<b>Moladh 9</b>	Go mbeadh cur chuige comhtháite dá fhorbairt idir Comhairle Chontae na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta agus geallsealbhóirí cuí eile le cinntiú go ndéantar freastal cuí ar riachtanais pobal na Gaeltachta idir fhostaíocht, tithíocht, bonneagar shóisialta agus
-----------------	--

	<p>caitheamh aimsire, le cinntiú go mbeidh pobal inmharthanach Gaeltachta ann sna blianta amach romhainn.</p> <p>Molann muid freisin, mar atá léirithe sa bplean forbartha reatha faoi UHO 13 agus RHO 4, go leanfaidh measúnú tionchar teanga gach mór iarratas pleanála agus iarratas cónaithe ina bhfuil 2 theach nó os a chionn le forbairt iontu sna ceantair Ghaeltachta.</p>
--	---

## 6.4 Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireachta

Mar atá luaite thuas, i measc na ndualgas reachtúla atá ar an Údarás, tá cúramaí forbartha fiontraíochta agus cothú agus buanú fostaíochta. Tá na hearnálacha eolaíochta beatha (feiste leighis/cógaisíocht), earnáil na cruthaitheachta, forbartha dhigiteach, mara agus turasóireachta áirithe ar chuid de na hearnálacha is mó poitéinseal sa nGaeltacht agus tá infheistíocht nach beag déanta ag an Údarás i bhforbairt agus cur chun cinn na hearnálacha tábhachta seo le blianta beaga anuas.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ag Údarás na Gaeltachta i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe le blianta beaga anuas. Tacaíonn na háiseanna agus an t-infreastruchtúr seo le réimse leathan gnóthaí, m.sh. gnóthaí déantúsaíochta, earnáil na cruthaitheachta, turasóireachta, bia, seirbhís teicneolaíochta agus araile.

De réir fhiigiúirí fostaíochta 2019, bhí 3,090 duine fostaithe i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis sna ceantair seo. Leis an infreastruchtúr agus scileanna atá ar fáil sna ceantair, tá deiseanna na n-earnálacha nua teicneolaíochta a fhorbairt i nGaeltacht na Gaillimhe. Beidh na háiseanna ar nós gréasáin digiteach na Gaeltachta (gteic) mar ionaid nuálaíochta agus cruthaitheachta le gnó nua a spreagadh, ach go háirithe; tosaithe ard acmhainne (HPSUs) agus cianoibrithe a mhealladh ar ais chuig a gceantar dúchais.

### 6.4.1 Tograí Straitéiseacha Turasóireachta

Tá tionscal na turasóireachta tábhachtach don gcontae seo. Moltar anseo go leagfaí béim ar an nGaeltacht mar cheann scribe uathúil turasóireachta de bharr an cultúr, an teanga agus an timpeallacht.

Tá na buaicphointí agus deiseanna forbartha maidir le turasóireacht aitheanta sa forbairt eispéiris (VEDP) Plean *Forbartha Eispéireas Cuartaíochta do Chonamara agus Árann (2017)* a réitíodh i gcomhar le Fáilte Ireland in 2017.

Tá ról forbartha ag an Údarás chun an earnáil príobháideach agus gnóthaí pobal bhunaithe a chumasú agus a spreagadh chun seirbhísí/táirgí cuí a chur ar fáil don chuirteoir. Tá ról faoi leith ag an gComhairle Contae i ngeall ar fhorbairt an infreastruchtúir atá riachtanach do fhorbairt na hearnála seo agus do chosaint na timpeallachta.

Thar tréimhse fheidhmithe an Plean Forbartha, moltar go dtabharfaí tacaíocht do na beartais seo a leanas:

- Forbairt na hEarnála – ag tacú agus ag cumasú earnáil na turasóireachta chun tograí/táirgí/eispéiris d’ardchaighdeán a fhorbairt agus a dhíol go náisiúnta agus go h-idirnáisiúnta
- Turasóireacht Teanga a chur chun cinn tríd táirgí agus táirgeoirí a chumasú agus ardán margaíocht tras-Ghaeltachta a fhorbairt
- Imeachtaí Faoin Aer – siúlóidí, bealaí glas, bealaí gorm a fhorbairt
- Tograí Straitéiseach – tá ról lárnach ag an Údarás i bhforbairt tograí straitéiseacha turasóireachta. Bíonn an obair seo á dhéanamh i gcomhar leis an earnáil príobháideach, eagrais Stáit agus le heagrais pobalbhunaithe.

Cuireann tograí den gcineál seo áiseanna agus seirbhísí chun cinn, mar shampla:

- Áiseanna caitheamh aimsire faoi dhíon a fhorbairt a d’fhreastalódh ar thurasóirí le linn na drochaimsire
- Deis a thabhairt do chuirteoirí tuilleadh ama a chaitheamh sa réigiún
- Deis chun léirmhíniú a dhéanamh ar na scéalta uathúla Ghaeltachta

Tá eolas tugtha sa mhéid a leanann do na tograí straitéiseacha turasóireachta atá aitheanta ag Údarás na Gaeltachta i nGaeltacht na Gaillimhe:

<b>Ainm</b>	<b>Cur Síos</b>	<b>Láthair</b>	<b>Stádas</b>
Ionad Cultúrtha an Phiarsaigh	Ionad Cuartaíochta/ Oidhreachta	Ros Muc	Comhoibriú le OPW agus Fáilte Ireland. Oscailte 2016, tacaíocht leanúnach margaíochta ón Údarás
Ionad Oidhreachta & Feamainn	Ionad Cuartaíochta/ Oidhreachta	Leitir Mealláin	Le n-oscailt 2021
Ionad na nImirceach	Ionad Cuartaíochta/ Oidhreachta	Carna	Le n-oscailt 2021
Áras Éanna	Saoire Oideachasúla Ealaíne	Inis Oírr	Le n-oscailt 2021
Geopháirc Dúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair	Ceantar ar leith bunaithe ar an geolaíocht	Corr na Móna, Teach Dóite, An Fháirche	Obair leanúnach, comhoibriú le GSI agus an Comhairle Chontae
Ionad Oidhreachta Árann	Ionad Cuartaíochta	Inis Mór	Le n-oscailt Earrach 2022

Leithinis Spóirt na Gaeltachta - An Cheathrú Rua	Tá sé i gceist leithinis na Ceathrún Rua a shainiú mar lárionad spóirt, aclaíochta agus caitheamh aimsire, ag freastal ar an bpobal áitiúil, pobal na Gaeltachta agus ar an bpobal náisiúnta.	An Cheathrú Rua	Á fhorbairt de réir a chéile
--	---	-----------------	------------------------------

Moltaí i leith forbairt na hEarnála Turasóireachta sa Ghaeltacht

<b>Moladh 10:</b>	Moltar go dtabharfaí aitheantas sa Phlean Forbartha don chúram na Forbartha Turasóireachta agus go dtabharfaí aitheantas do thograí straitéiseacha ar leith de chuid an Údaráis a bhfuil dlúthbhaint acu le cothú agus giniúint fostaíochta agus fiontraíochta i limistéir Gaeltachta na Gaillimhe.
<b>Moladh 11:</b>	<p>Moltar go dtabharfaí tús áite don infreastruchtúr glas agus gorm laistigh den bPlean Forbartha nua agus go mbeidh aitheantas á dtabhairt dá thábhacht i gcomhthéacs turasóireachta, i gcomhthéacs cosaint agus buanú na timpeallachta agus i gcomhthéacs beartais a thacóidh le sláinte an phobail. Moltar gur cheart é seo a dhéanamh tríd iniúchadh a dhéanamh ar stádas na siúlóidí ar fud na Gaeltachta agus plean forbartha, cothabhála agus infheistíochta 5 bliana a aontú agus a fheidhmiú chun na críche seo.</p> <p>Go sonrach, moltar go dtabharfaí an t-aitheantas agus an tacaíocht cuí do thograí cosúil le:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Bealach Slí Chonamara</li> <li>• Bealaí Rothaíochta i gConamara Theas</li> <li>• Slí Rothaíochta Gairbhéil Gaeltachta</li> <li>• Áiseanna Siúlóide don phobal</li> </ul>
<b>Moladh 12:</b>	<p>Feabhas a chuir ar na háiseanna cois cladaigh (an infreastruchtúr gorm), ina measc:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Áiseanna drochaimsire a chuir ar fáil ag an gcé i gCill Rónán, Árann</li> <li>• Áiseanna do sheoltóirí ag roinnt céanna aitheanta ó Bhearna go Carna</li> <li>• Áiseanna páirceála, leithreas agus áiseanna gaolmhara eile a fheabhsú ag tránna fuad faid chósta Cósta Chonamara</li> </ul>
<b>Moladh 13:</b>	Mar chuid d'fheidhmiú an VEDP don réigiún, moltar go ndéanfaí scrúdú ar na riachtanais agus coinníollacha pleanála chun na roghanna éagsúla i ngeall ar tuilleadh áiseanna agus seirbhísí lóistín a fhorbairt i gConamara a chíoradh

<b>Moladh 14:</b>	<p>Faoi scáth Cóna Ghaelach Chonamara agus Árainn, agus dlúthcheangailte le feidhmiú an VEDP, moltar go ndéanfadh An tÚdarás, i gcomhar leis an gComhairle, Fáilte Ireland agus geallsealbhóirí aitheanta na hearnála turasóireachta, forbairt ar bheartais planála, infheistíochta agus oiliúna a thacódh le forbairt inmharthanach in earnáil na turasóireachta sna ceantair seo a leanas:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>An Spidéal / Cois Fharráige</li> <li>An Cheathrú Rua / Na hOileáin</li> <li>Carna / Iorras Aithneach</li> </ol>
-------------------	---

#### 6.4.2 An Gréasán gteic:



Tá gréasán náisiúnta “gteic” forbartha ag an Údarás, gréasán de mhóil dhigiteacha fud fad na Gaeltachta.

Go dáta (Lúnasa 2020) tá 8 mhol oscailte i gCiarraí, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh agus Maigh Eo. Tá c.6,162 méadar cearnach de spás fiontraíochta, oifigí agus araile forbartha mar chuid den ghréasán seo. Cuirfidh na háiseanna seo leis an infreastruchtúr agus leis na háiseanna atá ar fáil dóibh siúd atá i mbun gnó nó ag cianoibriú ón nGaeltacht. Cuideoidh ná háiseanna agus na seirbhísí oiliúna agus forbartha fiontraíochta seo freisin le fiontraithe nua atá ag iarraidh tabhairt faoi ghnóthaí nua a fhorbairt sa nGaeltacht.

Sna gteiceanna seo, cuirfear réimse leathan áiseanna agus seirbhísí ar fáil mar shampla:

- Áiseanna oifige príobháideacha
- Spás oifige roinnte
- Áiseanna cruinnithe
- Áiseanna teileachomhdhála
- Áiseanna oiliúna agus meantóireachta

Tá sé mar aidhm ag an ngréasán gteiceanna, áiseanna agus seirbhísí a chuir ar fáil chun infheistíocht agus ábhar fiontraíochta nua a mhealladh chun na Gaeltachta tríd an t-infreastruchtúr cuí a fhorbairt. Cuireann na hiarrachtaí seo ar chumas daoine buntáiste a bhaint as deiseanna agus áiseanna cianoibrithe agus trí ghnóthaí nua a fhorbairt.



I gcontae na Gaillimhe tá gteiceanna oscailte nó dá phleanáil sna láthair seo a leanas:

- Na Forbacha
- An Spidéal
- An Cheathrú Rua
- Carna
- Tír an Fhia
- Inis Mór – Árainn
- Inis Oírr
- Inis Meáin
- Corr na Móna

<b>Moladh 15:</b>	Mar chur chuige aontaithe idir Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta, moltar go ndéanfaí tús áite a thabhairt do bheartais pleanála agus infheistíochta a thacóidh le feidhmiú agus le forbairt gréasán na gteiceanna. San áireamh anseo is ceart díriú ar fheabhsú agus ar chaighdeánú na seirbhísí riachtanach ghnó ar a bhfuil fiontair áitiúil ag brath. San áireamh anseo tá ceangal agus seirbhís ardluais leathanbhanda agus soláthar seirbhísí teileachumarsáide eile.
-------------------	--

#### 6.4.3 Plean Forbartha Iorras Aithneach

Tá an Phlean Gníomhaíochta d'Iorras Aithneach á chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na straitéise de chuid Údarás na Gaeltachta (2018-2020). Tá gnéithe tábhachtacha den Straitéis, forbairt ar chúrsaí mara, gteic, forbairt ar fhuinneamh inathnuaite, forbairt in earnáil na fiontraíochta agus turasóireachta á gcur i bhfeidhm. Tuigtear go bhfuil buntáiste ar leith a bhaineann le hacmhainní nádúrtha an cheantair gur féidir a thapú ach iad a bheith aitheanta, eagraithe agus comhordú déanta orthu chun tograí a bhaineann leo a chur i bhfeidhm.

Tá réimse moltaí luaite sa phlean gníomhaíochta i ngeall ar earnálacha forbartha éagsúla faoi na ceanteidil seo a leanas san áireamh:

- Fiontraíocht
- Óige, Oiliúint agus Scileanna
- Turasóireacht & Oidhreacht
- Áiseanna/Seirbhísí & Infreastruchtúr
- Tithíocht

Nótálann Údarás na Gaeltachta go bhfuil aighneacht shonrach chuig an Chomhairle Contae ullmhaithe ag an gCoiste Comhairleach do Phlean Cúig Bliana Iorras Aithneach.

<b>Moladh 16:</b>	Mar chur chuige aontaithe idir Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Údarás na Gaeltachta, i gcomhar le geallsealbhóirí eile stáit agus pobail, moltar tuilleadh infheistíochta agus acmhainní a chuir ar fáil i dtaca le feidhmiú an phlean seo chun na deiseanna forbartha atá léirithe sa bplean a thabhairt chun críche.
-------------------	---

	<p>Mar aon le sin, tá sé feicthe le blianta fada go bhfuil dúshlán ar leith ann comhlachtaí a mhealladh go réimsí móra den Ghaeltacht de dheasca stáid an infreastruchtúr taisteal agus iompar, na bóithre go háirithe. Tá muid ag moladh go ndéanfaí staidéar ar an réimse seo agus plean feabhais cuí a chur in áit.</p>
--	--

#### 6.4.4 Forbairt na hEarnála Mara

Ó dheireadh na 1970idí, d'aithin Údarás na Gaeltachta tábhacht na hacmhainne mara do chruthú deiseanna fostaíochta ar fud na Gaeltachta agus a straitéisí infheistíochta agus forbartha á gceapadh agus á gcur i bhfeidhm. Is príomhthosaíocht í forbairt chomhtháite agus inbhuanaithe earnáil na mara i Straitéis Forbartha Údarás na Gaeltachta (2018-2020) agus déanfar í a chomhtháthú tuilleadh inár straitéis nua cúig bliana atá á forbairt faoi láthair. Tá sé de chumas ag forbairt earnáil na mara tairbhí socheacnamaíochá díreacha suntasacha a sholáthar don réigiún agus ginfidh agus gearálfaidh sí bearta infheistíochta eile ón earnáil phríobháideach agus phoiblí a dhéanfaidh forbairt agus fás an gheilleagair réigiúnaigh a chomhtháthú tuilleadh.

Tá roinnt ghníomhaíochtaí mara lárnach i ngeilleagar Gaeltachta na Gaillimhe. Trí chur i bhfeidhm a straitéise infheistíochta agus forbartha, tacaíonn An tÚdarás le fiontair atá ag trádáil in earnálacha den sórt seo agus tá an tÚdarás tiomanta do dheiseanna nua a bhunú chun oibriú i gcomhpháirtíocht le hinfheisteoirí príobháideacha atá ag iarraidh leas a bhaint as deiseanna tráchtála inbhuanaithe in earnálacha atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn laistigh de chreat an gheilleagair ghoirm a chuirtear in iúl i *Harvesting Our Ocean Wealth*.

Is é ár dtuairim gur féidir le plean Forbartha Áitiúil oibriú i gcomhar leis an gCreat Náisiúnta Pleanála Mara agus leis an Straitéis Fuinnimh Inmharthana d'Údaráis Áitiúil (LARES) tionchar díreach agus láithreach a imirt ar fhorbairt agus ar inmharthanacht gníomhaíochtaí a bhaineann le hearnáil na mara sa toadhchá. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá:

- Dobharshaothrú (iasc, sliogéisc agus feamainn)
- Iascaireacht
- Feamainn
- Próiseáil Táirgí Mara agus Luach Breise
